Dán faoi Covid-19

Mo cheantar'sa i gceartlár na Gaeltachta,
Lán ariamh le spraoi, craic 'gus gaolta.
Spóirt agus ceol dhá chraoladh go rialta
ag RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Scéalta agus seanachas a mbíodh uilig ann fadó
an sean leaid, cois tine, dhá inseacht don dream óg.
Táidear anois faraor imithe i léig
Níl caint ach ar virus is iad ag caitheamh siar tea.

Níl an saol mar a bhí agus ní bheidh go brách
níl na daoine sa lá inniu mar a bhíodh fadó, lách
Bheidís go rialta ag roinnt le cách
ní shin mar atá inniu agus daoine ag ritheacht chuile áit.

Bhí tráth sa saol thana, uair amháin, geábh
Go mbeadh do chomharsan leat le haghaidh láimh.
Is cuma anois faoin mhóin, aon gharraí ná aon fhata
Ní fheicfidh tú comharsan fiú ag baint dhó a hata.

Virus dhá scaipfidh agus muide dhá fháil
nach iomaí duine a déarfadh gur ait é an feall
ní shin mar a cheapfainn'se agus corr dhuine a d'aontóidh
ach táimear anois mar a chéile is ar aon leibhéal céanna.

Éistigí leis an Taoiseach in fhad is a bheidh sé ann
leanaigí a chúram chuile nóiméad don lá.
Tugaigí aire na huibhe don óige is an seandream
Le cúnamh Dé, tiocfaidh muid slán.

- Colm Ó h-Ógáin (16)